# Nuacht Neachtain
**Deireadh Fómhair, 2023.**

**POLASAITHE na GAELSCOILE**
Moltar, le do thoil: Tá polasaithe Ghaelscoil Neachtain le léamh ar shuíomh s'againne, mar atá, gaelscoilneachtain.com Tá na polasaithe le fáil faoin cheannteideal *Tuismitheoirí*. Ina measc, is ann don **Pholasaí d'Oideachas Caidreamh Gnéis (OCG).** Má tá ceist ar bith agat faoin pholasaí seo, nó faoi pholasaí ar bith, téitear i dteagmháil le múinteoir ranga an pháiste s'agatsa nó leis an Phríomhoide. Go raibh maith agat.
Déantar Polasaí Chosaint an Pháiste Ghaelscoil Neachtain a athbhreithniú, agus a uasdátú, mar is cuí, ag an chéad chruinniú de chuid Bhord na nGobharnóirí i dTéarma 1a. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas dá reir sin.

**GAELSCOIL POLICIES**
Be advised, please: Gaelscoil Neachtain policies can be read on our website, namely, gaelscoilneachtain.com The policies can be found under the heading *Parents.* Amongst these is the **Policy for Relationship and Sexuality Education (RSE)**. If you have any questions about this policy, or any other policy, please contact your child's class teacher or the Principal. Go raibh maith agat.
Gaelscoil Neachtain's Child Protection Policy is reviewed, and updated, as appropriate at the first meeting of the Board of Governors in Term 1a. Parents will be informed accordingly.

**CULAITH OÍCHE SHAMHNA**
Beidh Lá Spraoi sa Ghaelscoil Dé hAoine, 27 Deireadh Fómhair, sula dtosaíonn an sos Oíche Shamhna. Maidir leis seo, cuirtear an méid a leanas i gcuimhne duit arís: Tá fáilte roimh na páistí go léir 'éadaí bréige' a chur orthu agus iad ar scoil ar an lá. Ag teacht le cur chuige neamhdhíobhálach don timpeallacht s'againne, áfach, iarrtar ar pháistí agus ar thuismitheoirí obair le chéile chun éadaí bréige a dhéanamh as earraí athchúrsála, le bhur dtoil. Tá muid ag cur an-bhéime ar an ghné seo den athchúrsáil agus **tabharfar duaiseanna amach do na culaith is mó samhlaíoch atá déanta as earraí athchúrsála!!** Go raibh maith agat.

**HALLOW'EN COSTUMES**
We will have a Fun Day on Friday, 27th October, before the start of the Hallowe'en Break. Regarding this, you are reminded of the following:
Children are welcome to come to school on the day wearing 'fancy dress'. However, in keeping with the Gaelscoil's environmentally friendly ethos, children and parents are asked to work together to make fancy dress from recycled products, please. We put great emphasis on this aspect of recycling and **prizes will be given for the most imaginative costumes which have been made from recycled materials!!**
Go raibh maith agat.

**TÁBHACHTACH: CÓTAÍ!**
**BÍ CINNTE, LE DO THOIL, GO gCUIRTEAR CÓTA AR SCOIL LE DO PHÁISTE GACH LÁ. BÍ CINNTE go BHFUIL AINM AR AN CHÓTA! GO RAIBH MAITH AGAT.**

**IMPORTANT: COATS!**
**PLEASE SEND A COAT WITH YOUR CHILD TO SCHOOL EVERY DAY. ENSURE CHILD'S NAME IS ON COAT, PLEASE! GO RAIBH MAITH AGAT.**

## AN tSÁBHÁILTEACHT

**IARRTAR ORT AN tEOLAS THÍOS GO LÉIR A ROINNT, LE DO THOIL, LE GACH DUINE ATÁ AG TABHAIRT DO PHÁISTE AR GAELSCOIL, NÓ A THÓGÁIL ÓN GHAELSCOIL. Go raibh maith agat.**

**DRUIDTEAR GEATAÍ!**
**MÁ TÁ TÚ AR CUAIRT CHUN NA GAELSCOILE i RITH AN LAE, DRUIDTEAR GACH GEATA i DO DHIAIDH i gCÓNAÍ, LE DO THOIL.**
**Go raibh maith agat.**

**TEORAINN LUAIS 5msu**
AR MHAITHE LE SÁBHÁILTEACHT ACHAN DUINE, IARRTAR AR THUISMITHEOIRÍ TIOMÁINT, LE BHUR dTOIL, AR **5msu, AR A MHÉAD,** AGUS IAD SA SUÍOMH GAELSCOILE, AGUS AR AN BHEALACH ISTEACH AGUS AMACH. Go raibh maith agat.

**AN PHÁIRCEÁIL**
Bíonn an clós íochtair ar fáil gach maidin le haghaidh páirceála. Má tá tú a dhul a theacht isteach chun na Gaelscoile ar maidin, iarrtar ort, páirceáil sa chlós íochtair, le do thoil. IARRTAR ORT SEO A DHÉANAMH CHUN TRANGLAM TRÁCHTA A SHEACHTAINT, LE DO THOIL. **N.B. AR MHAITHE LEIS AN tSÁBHÁILTEACHT: IARRTAR AR THUISMITHEOIRÍ GAN PHÁIRCEÁIL AG STAD A' BHUS NÓ AR AN FHÉAR / AR AN CHOSÁN, TAOBH AMUIGH DEN GHAELSCOIL IN AM AR BITH. GO RAIBH MAITH AGAT.**

**TEACHT ISTEACH CHUN na GAELSCOILE i nDIAIDH 9rn.**
Má tá tú a dhul a thabhairt cuairt ar an Ghaelscoil i ndiaidh 9.00rn, baintear úsáid as doras na hoifige ag tosach an fhoirgnimh, le do thoil. Go raibh maith agat.

## SAFETY

**YOU ARE ASKED, PLEASE, TO SHARE ALL THE INFORMATION BELOW WITH EVERYONE WHO IS BRINGING YOUR CHILD TO, OR COLLECTING THEM, FROM THE GAELSCOIL Go raibh maith agat.**

**CLOSE GATES!**
**IF YOU ARE VISITING THE GAELSCOIL DURING THE DAY, PLEASE CLOSE EVERY GATE AFTER YOU, ALWAYS.**
**Go raibh maith agat.**

**5mph SPEED LIMIT.**
IN THE INTEREST OF EVERYONE'S SAFETY, PARENTS / CARERS ARE ASKED, PLEASE, TO DRIVE **AT A MAXIMUM OF 5mph** IN THE GAELSCOIL SITE AND ON THE WAY IN AND OUT. Go raibh maith agat.

**PARKING**
The lower playground is available every morning for parking. If you are going to come into the Gaelscoil in the morning, you are asked please to park in the lower playground. YOU ARE ASKED TO DO THIS, PLEASE, TO AVOID TRAFFIC JAMS.
**N.B. IN THE INTEREST OF SAFETY: PARENTS ARE ASKED NOT TO PARK AT THE BUS STOP OR ON THE VERGE / PAVEMENT OUTSIDE OF THE GAELSCOIL, AT ANY TIME. GO RAIBH MAITH AGAT.**

**ENTRANCE TO THE GAELSCOIL AFTER 9.00am.**
If you're going to visit the Gaelscoil after 9.00am, please use the office door at the front of the building. Go raibh maith agat.

## CLUBANNA IAR-SCOILE

Bíonn Clubanna Iar-scoile ann idir 2.50in – 4.55in, Luan go hAoine. Le haghaidh tuilleadh eolais, cuirtear glaoch ar Laoise san oifig Gaelscoile, le do thoil. Go raibh maith agat.

## ÓCÁID TIOMSAITHE AIRGID CHAIRDE NEACHTAIN

Tá Cairde Neachtain ag eagrú Tráth na gCeist Tábla, **Dé hAoine, 27 Deireadh Fómhair** i mbeár agus bialann An Ponderosa ag toiseacht ar 9.00in. Seisear an fhoireann, le do thoil. Beidh dearbhán £50 ann d'fhoireann an bhua agus beidh spotduaiseanna fosta ar an oíche. £5 an duine an táille isteach. **Iarrtar ar achan tuismitheoir taca a thabhairt don ócáid tiomsaithe airgid, le do thoil, atá a eagrú ar mhaithe le leas an pháiste / na bpáistí s'agatsa.** Go raibh maith agat.

## MAIDIN OSCAILTE

Ag leanstan ar aghaidh le clár eolais s'againne, beidh an chéad Mhaidin Oscailte eile ann sa Ghaelscoil **Déardaoin, 16 Samhain, 9.30rn – 10.30rn.** I ndiaidh intreorach gairide, beidh deis ag tuismitheoirí ionchasacha breathnú ar pháistí ag foghlaim sa seomra ranga. Scaip an scéal!!

## CRUINNITHE TUISMITHEORA / MÚINTEORA

Beidh Cruinnithe Tuismitheora / Múinteora ann sa tseachtain **ag toiseacht 13 Samhain.** Cuirfidh gach múinteoir sonraí chuig tuismitheoirí sa tseachtain ag toiseacht 6 Samhain. Go raibh maith agat.

## AISTRIÚ 2025

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí de pháistí i Rang 6 freastal ar chruinniú sa Ghaelscoil **Déardaoin, 9 Samhain, ar 2.15in** maidir le haistriú go hiarbhunscoil i mí Mheán an Fhómhair, 2025.

## MOLADH 'GLAS' NA MÍOSA

**Mí Dheireadh Fómhair: Baintear úsáid as málaí athúsáideacha oiread agus is féidir.**

## AFTER-SCHOOL CLUBS

Our After-School Clubs run from 2.50pm – 4.55pm. For further information, please contact Laoise in the Gaelscoil office – 028 777 42529. Go raibh maith agat.

## CAIRDE NEACHTAIN FUNDRAISER

Cairde Neachtain are organising a Table Quiz, on **Friday, 27th October, in the Ponderosa Bar and Restaurant, beginning at 9.00pm.** Teams of six, please, are asked to enter. The winning team will get a £50 voucher and there will also be spot prizes on the night. Entry fee is £5 per person. **All parents are asked to support this fundraiser, please, which is being held to benefit your child / children.** Go raibh maith agat.

## OPEN MORNING

Continuing our information programme, Gaelscoil Neachtain will host its next Open Morning on **Thursday, 16th November, 9.30am – 10.30am.** After a brief introduction, prospective parents will have an opportunity to view children learning in the classroom. Spread the word!

## PARENT / TEACHER MEETINGS

Parent / Teacher meetings will be held the **week beginning 13th November.** Every class teacher will send details to parents in the week beginning 6th November. Go raibh maith agat.

## TRANSFER 2025

Parents of children in Rang 6 are invited to attend a meeting in the Gaelscoil on **Thursday, 9th November at 2.15pm** regarding transfer to post-primary school in September, 2025.

## 'GREEN' SUGGESTION of the MONTH

**October: Please use recyclable bags as much as possible.**

**Gníomhaíochta Litearthachta ar líne**

**AIP Cód na Gaeilge**
Bainimid úsáid as an scéim litrithe 'Cód na Gaeilge' ar scoil. Is féidir é a íoslódáil, saor in aisce ar IPAD nó táibléad. Bíonn an Aip in usáid ag na páistí ar scoil.

Tá níos mó eolais maidir le gníomhaíochtaí a***r*** gaelscoilneachtain.com

**Interactive Literacy Activities**

**APP 'Cód na Gaeilge'**
We use the Phonics/Spelling scheme 'Cód na Gaeilge' at school. You can download the 'Cod na Gaeilge' App onto any tablet, for free. This App is used at school.

More information and links are available on gaelscoilneachtain.com

***SEACHTAIN MHATA na hÉIREANN***
Tá páistí na Gaelscoile páirteach i Seachtain Mhata na hÉireann ón 16 – 20 Deireadh Fómhair. Gníomhaíochtaí taitneamhacha spraíúla atá ar fáil. Is féidir le teaghlaigh bheith páirteach fosta. Tuilleadh eolais ag www.mathsweek.ie

***Lúba agus Snáitheanna den Timpeallacht s'Againne atá Ag Athrú***
Tá cuairt ar Ionad Ealaín agus Cultúir Ghleann na Ró, Leim a' Mhadaidh, socraithe againn do pháistí Rang 6, **Dé hAoine bheag seo, 20 Deireadh Fómhair**. Agus na páistí ann, beidh siad rannpháirteach i gceardlann dúlra / timpeallachta darb ainm *Lúba agus Snáitheanna den Timpeallacht s'Againne atá Ag Athrú.* Beidh an cheardlann ann idir 1in – 2.30in. Iarrtar ar gach páiste **£3** a thabhairt chun cuidiú le costais taistil a bhfuil fóirdheontais a thabhairt dó ag Cairde Neachtain. Is í Déardaoin, 19 Deireadh Fómhair spriocdátaí d'fhilleadh billeoga ceada. Go raibh maith agat.

**MATHS WEEK IRELAND**
Children at the Gaelscoil are taking part in Maths Week Ireland from 16th – 20th October. Lots of fun and enjoyable activities are being made available. More information at www.mathsweek.ie

***Stitches and Threads of Our Changing Landscape.***
We have arranged a visit to Roe Valley Culture and Arts Centre, Limavady, for the Rang 6 children **this Friday, 20th October.** Whilst there, the children will take part in a nature / environmental workshop called *Stitches and Threads of Our Changing Landscape.* The workshop will take place between 1pm – 2.30pm.
Each child is asked to contribute **£3** to assist travel costs which are being subsidised by Cairde Neachtain. Permission notes must be returned by Thursday, 19th October. Go raibh maith agat.

## DÁTAÍ DON DIALANN

### AIFREANN TÚS na SCOILBHLIANA

Mar is gnách ag Gaelscoil Neachtain, déantar Aifreann a cheiliúradh roimh dheireadh Téarma 1a chun beannacht Dé a iarraidh orainn go léir agus ar obair na Gaelscoile ar fud na bliana le teacht. Déanfar an tAifreann a cheiliúradh i mbliana, **Déardaoin, 26 Deireadh Fómhair ar a 11.00rn in Eaglais Naomh Pádraig. Fáilte roimh theaghlaigh agus roimh chairde.**

### AN CÓINEARTÚ, 2024.

Beidh An Cóineartú ann do pháistí Rang 7 Dé Sathairn, 13 Aibreán, 2024, ar 3.00in in Eaglais Naomh Pádraig, Dún Geimhin. Is é An tEaspag Dómhnall Mac Eoin, Easpag Dhoire, a dhéanfas an tSacraimint a riaradh.

### AN CHÉAD CHOMAOINEACH NAOFA, 2024.

Beidh An Chéad Chomaoineach Naofa ann do pháistí Rang 4 Dé Sathairn, 25 Bealtaine, 2024, ar 11.00rn in Eaglais Naomh Pádraig, Dún Geimhin. Is é An Sagart Ó Ceallaigh a dhéanfaidh an tAifreann a cheiliúradh.

### COSAINT AN PHÁISTE

***Is í Fionnuala Ní Dhufaigh Múinteoir Ainmnithe do Chosaint Pháistí. Is iad Róisín Mhic Thaidhg agus Danielle Stiobhard Leasmhúinteoirí Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Má tá tú buartha faoi aon rud, téitear i dteagmháil le duine ar bith acu laithreach bonn. Go raibh maith agat.***

### SCOIL a DHÍRÍONN AIRD AR AN RÉITEACH

Is scoil í Gaelscoil Neachtain a dhíríonn aird ar an réiteach. Tugtar faoi deara, le do thoil: **má bhíonn buaireamh nó gearán agat, iarrtar ort labhairt le múinteoir ranga an pháiste s'agatsa a luaithe agus is féidir, le do thoil.** Má tá buaireamh agat go fóill, iarrtar ort labhairt leis an Phríomhoide, le do thoil. MUNA BHFUIL FOIREANN na GAELSCOILE AR AN EOLAS FÁ ÁBHAR AR LEITH, NÍ THIG LINN TOISEACHT AR AN RÉITEACH. Tá an Córas Gearán le léamh ar shuíomh na Gaelscoile. Go raibh maith agat.

## DATES FOR THE DIARY

### START OF YEAR MASS

As is the custom at Gaelscoil Neachtain, Mass is usually celebrated every year before the end of Term 1a, to ask God's blessing on us all and on the work of the Gaelscoil throughout the coming year. The Mass this year will be celebrated on Thursday**, 26th October, at 11.00am in St. Patrick's Church.** Families and friends welcome.

### CONFIRMATION, 2024.

Confirmation for Rang 7 children will take place on Saturday, 13th April, 2024 at 3.00pm in St. Patrick's Church, Dungiven. Bishop Dónall Mc Keown, Bishop of Derry, will administer the Sacrament.

### FIRST HOLY COMMUNION, 2024.

First Holy Communion for children in Rang 4 will take place on Saturday, 25th May, 2024, at 11.00am in St. Patrick's Church, Dungiven. Fr. Kelly will celebrate the Mass.

### CHILD PROTECTION

***Fionnuala Ní Dhufaigh is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg and Danielle Stewart are the Deputy Designated Teachers for Child Protection. If you have any concerns, please contact any of them immediately. Go raibh maith agat.***

### A SOLUTION BASED SCHOOL

Gaelscoil Neachtain is a solution based school. Please note: **if you have a concern or complaint, you are asked to speak to your child's class teacher, as soon as possible, please.** If you still have a concern, you are asked to speak to the Principal, please. IF GAELSCOIL STAFF ARE NOT AWARE OF A PARTICULAR ISSUE, WE CANNOT BEGIN TO RESOLVE IT. Our Complaints Procedure is available to read on the Gaelscoil website. Go raibh maith agat.